# Gaeilge ABC

Abhantrach
Bhearna
Chnoc na Cathrach

*Meán Fómhair 2023*
*Eagrán a 1*

## OIFIGEACH PLEANÁLA TEANGA

Dia dhaoibh! Is mise Aoife Ní Chonghaile agus is mé an t-Oifigeach Pleanála Teanga i mBearna agus Cnoc na Cathrach.

Is as na Doireadh mé, i nGaeltacht Chonamara, agus tá suim agam sa gceol, san aclaíocht, agus ar ndóigh, sa nGaeilge!

Sa bpost seo, beidh mé ag eagrú ranganna Gaeilge, imeachtaí sóisialta, agus ag comhoibriú le scoileanna, gnólachtaí agus clubanna chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

I'm Aoife Ní Chonghaile, the new Irish Language Planning Officer in Barna and Knocknacarra, and I'm from Connemara.

As part of this job, I will be organising Irish language classes, social events, and I will be working with schools, businesses and clubs to promote the Irish language.






## OIFIG GHAEILGE ABC

Tá Oifig Ghaeilge ABC lonnaithe in Áras Mhic Amhlaigh, díreach béal dorais le Gaelscoil Mhic Amhlaigh.

The Gaeilge ABC office is located in Áras Mhic Amhlaigh, right next door to Gaelscoil Mhic Amhlaigh.


Sonraí teagmhála an
Oifigigh Pleanála Teanga:

optgaeilgeabc@gmail.com

085 137 2447

Gaeilge ABC
Áras Mhic Amhlaigh
Bóthar Dáileacháin an Iarthair
Cnoc na Cathrach
Co. na Gaillimhe
H91 A9PX

## RANGANNA GAEILGE DO DHAOINE FÁSTA

Beidh ranganna Gaeilge do dhaoine fásta ag tosú ag deireadh mhí Mheán Fómhair, i mBearna agus i gCnoc na Cathrach. Beidh costas €30 ar théarma 6 seachtaine, agus is féidir clárú anseo.

Our Irish Language classes for adults will begin at the end of September, and they will be taking place in Barna and in Knocknacarra. There is a fee of €30 for the 6 week term, and you can register for the classes on our website.

Ranganna i mBearna:




Ranganna i gCnoc na Cathrach:




## RANGANNA GAEILGE DO DHAOINE FÁSTA - AR MAIDIN

Má tá a dhóthain éilimh ann, cuirfidh muid ranganna Gaeilge do dhaoine fásta ar siúl maidin éigin i rith na seachtaine chomh maith. Seans go mbeadh sé seo níos feiliúnaí do thuismitheoirí nó do dhaoine a bhíonn ag obair um thráthnóna. Má tá suim agat sna ranganna seo, líon isteach an fhoirm ag an nasc seo.

If there is enough demand, we will run Irish language classes for adults some morning during the week. This time might be more suitable for parents or for people who work during the evening. If you are interested in these classes, please fill out the form at this link.




## IÓGA AS GAEILGE

Beidh Caoilfhionn de Bhaldraithe ó Sruth Yoga ag múineadh ranganna ióga as Gaeilge i Súil Eile Space, Bearna. Cuirfear tús leis na ranganna Déardaoin 14 Meán Fómhair, agus beidh siad ar siúl ó 18.30 -19.45. Tá lascaine ar na ranganna seo, urraithe ag Gaeilge ABC, agus is féidir na ranganna a chur in áirithe trí shuíomh Sruth Yoga.

Caoilfhionn de Baldraithe from Sruth Yoga will be teaching yoga classes through Irish in Súil Eile Space, Barna. The classes will start on Thursday 14th September, and will take place from 18.30 -19.45. There is a discount on these classes, sponsored by Gaeilge ABC, and the classes can be booked through the Sruth Yoga website.

## CLUB ÓIGE DO DHÉAGÓIRÍ

Tá súil againn club óige a bhunú do dhéagóirí, i mBearna nó i gCnoc na Cathrach, má tá a dhóthain éilimh air.

Má tá suim agat ann, líon isteach an suirbhé seo.

We hope to start up a youth club for teenagers, in Barna or Knocknacarra, if there is enough demand for it.

If you're interested, please fill out this survey.

## CAIFE AGUS COMHRÁ

Bíonn ciorcal comhrá ag bualadh lena chéile an Déardaoin deireanach de chuile mhí ag a 11.00 i Súil Eile Space, Bearna. Beidh an chéad cheann eile ar siúl Déardaoin 28 Meán Fómhair. Tá fáilte mhór roimh chuile dhuine, is cuma cén leibhéal Gaeilge atá agat!

Our conversation circle meets in Súil Eile Space in Barna at 11.00 on the last Thursday of every month. The next conversation circle will take place Thursday 28th September. Everyone is welcome, whatever your level of Irish!






## CAMPA NA COIRIBE

Scaip muid roinnt málaí spóirt ar na daltaí uile a ghlac páirt i gCampa na Coiribe i mí Lúnasa na bliana seo.

We distributed some sports bags to all the students who participated in Campa na Coiribe in August.

## SNÁMH SA BHFARRAIGE

Bígí linn ag snámh sa bhfarraige (nó tumadh sciobtha sa bhfarraige!), Dé Sathairn 16 Meán Fómhair, ag 11.30 ag Trá na gCeann. Seo deis bualadh le daoine nua, do chuid Gaeilge a chleachtadh, agus cupán deas caife a fháil ina dhiaidh. Beidh Katie McGreal ó Solas Relaxation linn ar an lá chun beagán análú a dhéanamh leis an ngrúpa sula rachaidh muid isteach sa bhfarraige. Is imeacht saor in aisce é seo, ach iarrann muid ort clárú roimh ré trí an nasc seo.

Join us for a sea swim (or a quick dip!), Saturday 16th September, at 11.30 at Silverstrand beach. This is an opportunity to meet a few new people, practice your Irish, and get a nice cup of coffee afterwards. Katie McGreal from Solas Relaxation will be with us on the day to guide the group through a little breathwork before we brave the cold water. No worries if you're not confident with your Irish, as all levels are more than welcome! It is important that you have some experience with sea swims / sea dips for this event. Don't forget to bring your keep cup, if you have one!

This is a free event, but we do ask you to register beforehand, at this link.







## POP UP GAELTACHT

Bhain muid an-sult as an Pop Up Gaeltacht a bhí ar siúl Tí Donnelly an mhí seo caite. Coinnigh súil amach do na hoícheanta sóisialta eile a bheas á eagrú againn!

We really enjoyed the Pop Up Gaeltacht in Donnelly's of Barna last month. Keep an eye out for all other social evenings that we'll be organising!

## TAISPEÁNTAS I MÚSAEM NA GAILLIMHE

Tá taispeántas dár teideal 'Corrib Shores: These are our people' i Músaem na Gaillimhe faoi láthair, agus beidh sé ann go dtí 20 Meán Fómhair. Is taispeántas de chuid Corrib Beo é seo, a dhéanann ceiliúradh ar dhaoine ó chósta na Coiribe a bhfuil lorg suntasach déanta acu ar an tsochaí le linn a saoil.

Chuir cúigear Oifigigh Pleanála Teanga tacaíocht ar fáil agus aistriúchán á dhéanamh ar an dtaispeántas seo.

Corrib Beo recently launched an exhibition entitled 'Corrib Shores: These are our people' in Galway Museum. This exhibition, which will be there until 20th September, celebrates people from the Corrib coast who have made a significant impact on society during their lifetime.

Five Language Planning Officers provided support in translating this exhibition.

Ciarán Tierney (Gaeltacht an Eachréidh), Stiofán Seoighe (Dúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh), Aoife Ní Chonghaile (Gaeilge ABC), Ándría Uí Thaidhg (Gaeilge Mhaigh Cuilinn), agus Micheál Mac Aoidh (An Bruach Thoir) i láthair ag seoladh an taispeántais.




## COMHARTHAÍ 'GAEILGE AGUS FÁILTE'

Tá comharthaí 'Gaeilge agus Fáilte' ar fáil againn do ghnólachtaí, scoileanna, siopaí ,srl i mBearna agus i gCnoc na Cathrach. Má tá ceann uait, déan teagmháil le hAoife anseo.

We have 'Gaeilge agus Fáilte' signs available for businesses, schools, shops, etc. in Barna and Knocknacarra. If you would like one, contact Aoife through this link.




## NA MEÁIN SHÓISIALTA

Bí cinnte muid a leanúint ar na meáin shóisialta, áit a mbíonn an nuacht is deireanaí uile á roinnt againn.

Be sure to follow us on social media, where we share all the latest news.

@gaeilgeabc

# Cúinne na bPáistí



## TUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Cuireann Tuismitheoirí na Gaeltachta tacaíocht, cúnamh agus comhairle ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh. Tá Pacáiste Tacaíochta Teaghlaigh ar fáil saor in aisce do na teaghlaigh seo, agus is féidir iarratas a dhéanamh air anseo.

Tuismitheoirí na Gaeltachta provide support, assistance and advice to families who are raising their children through Irish in the Gaeltacht, or families who wish to do so. A Family Support Pack is available free of charge to these families, and you can apply for it here.

## CAINÉAL NUA CÚLA 4

Beidh cainéal nua do pháistí ar an aer ó 16.00 ar an 8 Meán Fómhair 2023. Coinnígí súil amach d'Aoife ar an gclár nuachta, agus í ag caint faoina post mar Oifigeach Pleanála Teanga!

Cúla 4, a new channel completely dedicated to children, will be on air from 16.00 on the 8th September 2023. Keep an eye out for Aoife on the news programme, as she talks about her job as Language Planning Officer!







## BABAÍ AR AN MBEALACH

Beidh ceardlann eolais réamhbhreithe do lánúineacha atá ag iompar clainne ar siúl i Súil Eile Space, Bearna, Dé Sathairn 16 Meán Fómhair ag a 14.00. Is iad Tuismitheoirí na Gaeltachta atá ag eagrú na hócáide seo. Tá spásanna teoranta agus is gá clárú roimh ré, trí ríomhphost a sheoladh chuig aisling@tuismitheoiri.ie.

Tuismitheoirí na Gaeltachta are organising a prenatal information workshop for couples who are expecting. This workshop will take place in Súil Eile Space, Barna, Saturday 16 September at 14.00. Spaces are limited and it is necessary to register in advance, by sending an email to aisling@tuismitheoiri.ie.